

# Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

Tá na cearta céanna ag gach leanbh agus gach duine óg. I gChoinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh liostaítear na cearta ar chóir iad a gheallúint do gach leanbh agus gach duine óg. Tá freagracht ar dhaoine óga is ar daoine fásta a chinntiú go réadaítear na cearta sin.

## Tá na cearta seo a leanas ag gach leanbh faoi bhun 18 mbliana:

- an ceart chun na beatha;
- an ceart ainm agus náisiúntacht a bheith acu;
- an ceart go mbreithneodh daoine leas is fearr an linbh agus an duine óig nuair atá cinntí á ndéanamh acu maidir le leanaí agus daoine óga;
- an ceart a bheith lena dtuismitheoirí nó leo siúd is fearr a dhéanfaidh cúram díobh;
- an ceart ionchur a bheith acu maidir le rudaí a théann i gcion orthu agus go n-éistfeadh daoine fásta leo agus nach ndéanfadh siad beag is fiú de na tuairimí sin;
- an ceart smaointe a bheith acu agus a dtuairimí a chur in iúl;
- an ceart lena gcreidimh a chleachtadh;
- an ceart bualadh le leanaí eile;
- an ceart an t-eolas atá uathu a fháil;
- an ceart cúram speisialta, oideachas agus oiliúint a fháil, más gá;
- an ceart cúram sláinte a fháil;
- an ceart dóthain bia agus uisce glan a fháil;
- an ceart saoroideachas a fháil;
- an ceart a dteanga féin a labhairt;
- an ceart foghlaim faoina gcultúr féin agus taitneamh a bhaint as a gcultúr féin;
- an ceart nach n-úsáidfidís iad mar oibrithe ar phá íseal;
- an ceart nach ngortófaí iad agus nach ndéanfaí faillí ina leith;
- an ceart nach n-úsáidfidís iad mar shaighdiúirí i gcogaí;
- an ceart cosaint a fháil ó dhainséar; agus
- an ceart a bheith ar an eolas faoin a gcearta agus faoin a bhfreagrachtaí.

